**RABHADH**
**CAITHFEAR an ceistpháipéar seo a thabhairt ar ais le do fhreagarleabhar ag deireadh an scrúdaithe, nó caillfear marcanna.**

**Scríobh do Scrúduimhir anseo:** ☞

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2007**

# GNÓ – GNÁTHLEIBHÉAL

**(400 marc)**

DÉ CÉADAOIN, 13 MEITHEAMH – MAIDIN 9.30 a.m. go dtí 12.00 p.m.

**FREAGAIR**

**(A) Deich gceist as ROINN 1**

**AGUS**

**(B) Ceithre cheist as ROINN 2 mar leanas:**

**Ceist amháin as Cuid 1 agus**
**Dhá cheist as Cuid 2 agus**
**Ceist amháin eile as Cuid 1 nó Cuid 2.**

**Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.**

**Ceadaítear áireamháin a úsáid.**
**Déanamh agus Sórt an Áireamhháin a Úsáideadh:**

| C. | Marc |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |
| 11 | |
| 12 | |
| 13 | |
| 14 | |
| 15 | |
| Iomlán | |

**NÁ DÉAN DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A THABHAIRT AR AIS LEIS AN bhFREAGARLEABHAR INA mBEIDH NA FREAGRAÍ AR ROINN 2**

# ROINN 1
**(100 marc)**

## CEISTEANNA GEARRFHREAGRA

**Freagair 10 gceist. Tá 10 marc ag gabháil le gach ceist. Cuir an ceistpháipéar seo ar ais in éineacht le do fhreagarleabhar, le do thoil.**

**1.** Cad dó a seasann na litreacha seo a leanas? (Scríobh gach freagra sa spás cuí.)

| | |
|---|---|
| (i) OCP (PRO) | |
| (ii) UMB (ATM) | |
| (iii) ÁSPC (PRSI) | |

**2.** Liostaigh **ceithre** mhodh cumarsáide scríofa a úsáidtear sa ghnó:

(i) ______________________________

(ii) ______________________________

(iii) ______________________________

(iv) ______________________________

**3.** Mínigh an téarma 'táirgeoir' agus tabhair **dhá** shampla:

______________________________

______________________________

______________________________

Samplaí: (i) ______________________________

(ii) ______________________________

**4.** Déan idirdhealú idir árachas dliteanais fostóra agus árachas dliteanais phoiblí:

(i) Árachas dliteanais fostóra

______________________________

______________________________

______________________________

(ii) Árachas dliteanais phoiblí

______________________________

______________________________

______________________________

**5.** Tarraing barrachairt thíos chun an t-eolas seo a leanas ó GLUAISTEÁIN UÍ FHLOINN Tta a thaispeáint:

| **Bliain** | **2002** | **2003** | **2004** | **2005** | **2006** |
|---|---|---|---|---|---|
| **Líon Fostaithe** | **25** | **30** | **40** | **35** | **20** |

**Líon Fostaithe**

**Bliain**

**6.** Mínigh an téarma 'cuideachta thrasnáisiúnta' agus tabhair sampla **amháin**:

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

Sampla: ______________________________________

**7.** (i) Scríobh isteach **trí** mhír chun an Clár seo a leanas do ChGB Chlub Gailf an Bhaile Nua a chomhlánú:

Club Gailf an Bhaile Nua
CGB – Clár

1. Miontuairiscí an chruinnithe deiridh
2. ______________________
3. ______________________
4. ______________________
5. A. G. E. (A.O.B.)

(ii) Cad dó a seasann na litreacha A.G.E. (A.O.B.)?

Freagra: ______________________________

**8.** Liosta de shé théarma gnó atá i g**Colún 1**. Liosta de sheacht míniú fhéideartha ar na téarmaí sin atá i g**Colún 2**. (Tá míniú amháin nach féidir a mheaitseáil le haon ceann de na téarmaí thíos.)

| **Colún 1**: Téarmaí | | **Colún 2**: Mínithe | |
|---|---|---|---|
| 1 | Rátáil Chreidmheasa | A | Íocaíocht de chuid de bhrabús cuideachta lena cuid úinéirí |
| 2 | Meon lánmhaith | B | Foinse airgeadais fadtéarma le ráta úis seasta agus dáta aisíocaíochta socraithe |
| 3 | Páchonair | C | Foinse airgeadais meántéarma |
| 4 | Díbhinn | D | Modh íocaíochta ó chuntas bainc ag tráthanna rialta |
| 5 | Dochar Díreach | E | Íocaíocht pá fostaí díreach isteach ina c(h)untas bainc |
| 6 | Léasú | F | Ní mór don iarrthóir an fhírinne a insint agus gach eolas ábhartha a chur ar fáil agus árachas á lorg |
| | | G | Measúnú ar acmhainneacht chreidmheasa duine |

Déan an dá liosta a mheaitseáil.
Cuir an litir a bhaineann leis an míniú ceart faoin uimhir chuí sa bhosca thíos: (Tá freagra amháin ar fáil cheana féin.)

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 |
|---|---|---|---|---|---|
| **G** | | | | | |

**9.** Mínigh an téarma 'forbairt fréamhshamhla': ____________________

____________________

____________________

____________________

**10.** Liostaigh **trí** phríomh-cheannteideal i bPlean Gnó: (Sampla: *Táirgeadh*)

(i) ____________________

(ii) ____________________

(iii) ____________________

**11.** Tógadh an t-eolas seo a leanas as cuntais deiridh S.K. Tta ar an 31/05/2007.

| | |
|---|---|
| Díolacháin | € 500,000 |
| Ollbhrabús | € 100,000 |
| Brabús Glan | € 37,500 |

Ríomh:
(i) Corrlach an Bhrabúis Chomhláin.

Freagra: ____________________

(ii) Corrlach an Bhrabúis Ghlain.

Freagra: ____________________

OBAIR

**12.** Mínigh an téarma 'rialú cáilíochta': ______________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

**13.** Cuir in iúl, le tic (✓), cén catagóir lena mbaineann gach earra nó seirbhís díobh seo:

| | Catagóir | | | |
|---|---|---|---|---|
| | **Onnmhairí Sofheicthe** | **Allmhairí Sofheicthe** | **Onnmhairí Dofheicthe** | **Allmhairí Dofheicthe** |
| Mairteoil Éireannach a dhíoltar thar lear | | | | |
| Bannaí ceoil iasachta ar turas in Éirinn | | | | |
| Lucht leanta na Fraince ag teacht chuig cluiche i mBaile Átha Cliath | | | | |
| Carranna Seapánacha a dhíoltar in Éirinn | | | | |

**14.** Mínigh gach ceann de na cineálacha oiliúna seo a leanas a chuirtear ar fáil d'fhostaithe:

(i) Oiliúint ar an láthair oibre

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

(ii) Oiliúint ar láthair eile

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

**15.** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** shochar is féidir le gnó a thabhairt chuig pobal áitiúil:

(i) ______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

(ii) ______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

**NÁ DÉAN DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A CHUR AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR**

# ROINN 2
**(300 marc)**

**Freagair ceithre cheist as ROINN 2 mar leanas:**
**Ceist amháin as Cuid 1 agus**
**Dhá cheist as Cuid 2 agus**
**Ceist amháin eile as Cuid 1 nó Cuid 2.**

## CUID 1

## DAOINE SA GHNÓ

### CEIST 1

Déan staidéar ar an eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna a leanas:

*D'ordaigh Séamas agus Emer Ó Briain clocha pábhála dá bpaitió gairdín ó Ionad Garraíodóireachta Uí Éilí Tta. Roghnaigh siad na clocha pábhála as samplaí a taispeánadh dóibh san ionad garraíodóireachta. Nuair a seachadadh na clocha pábhála, ní raibh siad ar aon dul leis an sampla a roghnaigh siad.*

*Ní raibh Muintir Uí Bhriain sásta ach dúirt an cúntóir díolacháin leo go raibh orthu íoc as na hearraí a seachadadh.*

**(A)** (i) Ainmnigh an dlí a thugann cosaint do mhuintir Uí Bhriain sa chás seo. (10 marc)

(ii) Tabhair breac-chuntas ar mhodh neamhreachtach **amháin** chun an fhadhb thuas a réiteach. (10 marc)

(iii) Mínigh na cearta dlíthiúla atá ag Muintir Uí Bhriain agus na dualgais atá ar Ionad Garraíodóireachta Uí Éilí Tta. (20 marc)

*Is é an aidhm atá ag an Acht um Chomhionannas Fostaíochta 1998 ná stop a chur le leithcheal sa láthair oibre.*

**(B)** (i) Déan cur síos ar **dhá** bhonn a bheadh leis an leithcheal a bheith mídhleathach faoin Acht seo. (20 marc)

(ii) Tabhair breac-chuntas ar an ról atá ag Coimisinéir um Chearta. (15 mharc)

**(75 marc)**

**NÁ DÉAN DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A CHUR AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR**

## AN TIMPEALLACHT INTÍRE / IDIRNÁISIÚNTA

### CEIST 2

Déan staidéar ar an eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna a leanas:

*Cuideachta dhúchasach is ea Bia Maith Tta a bhunaigh na deirfiúracha Úna agus Siún Ní Shúilleabháin agus tá 14 fhostaí lánaimseartha inti. Tá dliteanas teoranta ag an gcuideachta. Déanann an chuideachta béilí réamhullmhaithe don mhargadh baile agus tá sí ag smaoineamh anois ar onnmhairiú chuig margaí iasachta.*
*Tá cód eitice curtha le chéile don ghnó ag na húinéirí mar go gcreideann siad gur chóir na cinntí a dhéantar a bheith faoi réir ag an gceart morálta, ag an macántacht agus ag an gcothroime.*

**(A)** Mínigh an téarma 'dliteanas teoranta'. (10 marc)

**(B)** Cad is brí leis an téarma 'cuideachta dhúchasach'? (10 marc)

**(C)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** dhúshlán a d'fhéadfadh a bheith roimh Bhia Maith Tta agus iad ag onnmhairiú chuig margaí iasachta. (15 mharc)

**(D)** Déan cur síos ar **dhá** fhreagracht atá ar Bhia Maith Tta ó thaobh na timpeallachta de. (20 marc)

**(E)** Agus úsáid á baint agat as samplaí, déan cur síos ar conas is féidir le Bia Maith Tta gníomhú go heiticiúil lena gcuid (i) fostaithe agus (ii) custaiméirí. (20 marc)

**(75 marc)**

## AN TIMPEALLACHT INTÍRE / IDIRNÁISIÚNTA

### CEIST 3

Déan staidéar ar an eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna a leanas:

*Tá an dífhostaíocht in Éirinn níos lú ná 5% ach tá roinnt eacnamaithe buartha mar go bhfuil rátaí úis tar éis ardú agus táthar ag tuar go dtiocfaidh breis ardaithe orthu.*

**(A)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** shochar a bhainfeadh geilleagar na hÉireann as an dífhostaíocht a bheith íseal. (15 mharc)

**(B)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** thoradh a bheadh ag ardú rátaí úis ar gheilleagar na hÉireann. (15 mharc)

**(C)** Déan cur síos ar **dhá** bhealach ina gcabhraíonn Rialtas na hÉireann le gnó. (20 marc)

**(D)** Déan plé ar **dhá** dheis agus ar **dhá** dhúshlán atá ann do ghnó na hÉireann ag éirí as an leathnú atá tagtha ar an Aontas Eorpach. (25 marc)

**(75 marc)**

**NÁ DÉAN DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A CHUR AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR**

## CUID 2

## BAINISTÍOCHT

### CEIST 4

Déan staidéar ar an eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna a leanas:

*I gcathair Chorcaí atá cónaí ar Chathal agus ar Shiobhán Ó Liatháin, agus a dtriúr clainne atá ag freastal ar scoil. Is é €3,000 sa mhí ioncam an teaghlaigh ina iomláine. Ullmhaíonn siad buiséad teaghlaigh go rialta chun cabhrú leo bainistiú a dhéanamh ar a gcuid airgeadais.*

| **Buiséad Teaghlaigh na Liathánach (Achoimre)** | | | |
|---|---|---|---|
| | **Iúil** | **Lúnasa** | **Meán Fómhair** |
| | **€** | **€** | **€** |
| **A.** Ioncam | 3,000 | 3,000 | 3,000 |
| **B.** Caiteachas | 2,100 | 2,900 | 4,800 |
| Airgead Tirim Glan (A-B) | 900 | 100 | (1,800) |
| Airgead Tirim Tosaigh | 100 | 1,000 | 1,100 |
| Airgead Tirim Deiridh | 1,000 | 1,100 | (700) |

**(A)** Mínigh **trí** shochar a bhainfeadh teaghlach as buiséad a ullmhú. (15 mharc)

**(B)** (i) Sainaithin **trí** mhír a d'fhéadfaí a chur isteach i rannóg an 'Ioncaim' i mbuiséad an teaghlaigh.

(ii) Mol **dhá** bhealach a bhféadfadh teaghlach Uí Liatháin an ceann is fearr a fháil ar an easnamh a bhfuil súil leis i mí Mheán Fómhair. (25 marc)

**(C)** I gcomhthéacs na baincéireachta, mínigh **trí** ghné a bhaineann le cuntas reatha. (15 mharc)

**(D)** Ainmnigh **dhá** chineál árachais ar den tábhacht é go mbeidís ag teaghlach agus mínigh **ceann amháin** díobh. (20 marc)

**(75 marc)**

**NÁ DÉAN DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A CHUR AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR**

## CEIST 5

Déan staidéar ar an eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna a leanas:

*Tá Aindriú de Róiste, pluiméir cáilithe, tar éis a ghnó féin a bhunú le déanaí. Cuireann sé seirbhísí ar fáil do theaghlaigh agus do ghnóthaí beaga go háitiúil. Tá áitreabh tógtha ar cíos aige agus tá sé ag smaoineamh ar veain a cheannach. Tá sé ar intinn aige breis foirne a fhostú de réir mar a leathnaíonn a ghnó agus tá a fhios aige go mbeidh air díriú go géar ar an limistéar sin a bhaineann le bainistiú acmhainní daonna.*

**(A)** Déan cur síos ar **thrí** scil/thréith fiontraíochta atá ag Aindriú mar fhiontraí. (15 mharc)

**(B)** Mínigh **dhá** fhoinse airgeadais cuí is féidir le hAindriú a úsáid agus é ag ceannach an veain. (20 marc)

**(C)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** mhíbhuntáiste atá ann d'Aindriú agus a ghnó féin á bhunú aige. (15 mharc)

**(D)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** mhodh oiriúnacha a d'fhéadfadh Aindriú a úsáid chun a ghnó nua a chur chun cinn. (10 marc)

**(E)** (i) Mínigh an téarma 'bainistiú acmhainní daonna'.

(ii) Sainaithin **dhá** fheidhm atá ag Bainisteoir Acmhainní Daonna agus mínigh iad. (15 mharc)

**(75 marc)**

**NÁ DÉAN DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A CHUR AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR**

## BAINISTÍOCHT

### CEIST 6

Déan staidéar ar an eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna a leanas:

*Tá rólanna tábhachtacha i gcuideachta ag Scairshealbhóirí agus ag an Stiúrthóir Bainistíochta. Dhá scil bhainistíochta iad Ceannaireacht agus Inspreagadh. Tá an teicneolaíocht agus an fhorbairt nua-aimseartha sa teicneolaíocht tar éis ról na bainistíochta a athrú.*

**(A)** Mínigh an ról atá ag Scairshealbhóirí i gcuideachta. (10 marc)

**(B)** Déan cur síos ar **dhá** fheidhm atá ag Stiúrthóir Bainistíochta i gcuideachta. (15 mharc)

**(C)** Is trí stíl cheannaireachta iad Ceannaireacht Uathlathach, Ceannaireacht Dhaonlathach agus Ceannaireacht Laissez-faire.
Déan cur síos ar thréithe **dhá** cheann de na stíleanna ceannaireachta sin. (20 marc)

**(D)** Déan cur síos ar **cheann amháin** de na teoiricí inspreagtha seo a leanas;
(i) Tosaíochtaí na Riachtanas ag Maslow <u>nó</u> (ii) Teoiric X agus Teoiric Y ag McGregor.
(15 mharc)

**(E)** Agus úsáid á baint agat as samplaí, déan cur síos ar **thrí** bhealach a bhfuil an teicneolaíocht tar éis ról na bainistíochta a athrú. (15 mharc)

**(75 marc)**

## GNÓ I nGNÍOMH / BAINISTÍOCHT

### CEIST 7

Déan staidéar ar an eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna a leanas:

*Tá a chéim sa Riarachán agus Margaíocht críochnaithe ag Micheál Ó Braonáin le déanaí. Tá sé tar éis tosú ina chéad phost mar Phríomh-Bhainisteoir Margaíochta le Poitigéirí Uí Stíobhairt Tta, comhlacht saincheadúnais náisiúnta de shiopaí poitigéara. Is é an chéad tasc atá roimhe ná taighde margaidh a dhéanamh don ghnó. Tá sé ag dúil leis an luach saothair, i bhfoirm airgeadais agus neamh-airgeadais, a bheidh ag gabháil lena phost.*

**(A)** Mínigh an téarma 'saincheadúnas'. (10 marc)

**(B)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** chúis a ndéanann gnóthais taighde margaidh. (15 mharc)

**(C)** Agus úsáid á baint agat as samplaí, mínigh na téarmaí (i) taighde allamuigh <u>agus</u> (ii) taighde deisce. (20 marc)

**(D)** Tabhair breac-chuntas ar luach saothair airgeadais **amháin** agus luach saothair neamhairgeadais **amháin** a d'fhéadfadh Micheál a fháil ina phost. (10 marc)

**(E)** Trí fhoirm a úsáidtear i gcánachas ÍMAT iad Foirm P21, Foirm P60 agus Foirm P45.
Tabhair breac-chuntas ar an aidhm atá le **dhá** cheann de na foirmeacha sin. (20 marc)

**(75 marc)**

**NÁ DÉAN DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A CHUR AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR**

## CEIST 8

Déan staidéar ar an eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna a leanas:

*Cuireadh Comharchumann Bácúis Bhaile an Mhuilinn ar bun sa bhliain 1998. Buíon oibrithe a ndearnadh iomarcaíocht orthu a bhunaigh é nuair a dhún bácús náisiúnta a ionad oibre sa bhaile. Tá éirithe go seoigh leis an gcomharchumann agus baineann sé úsáid as córas baisctháirgthe chun aráin éagsúla, cístí agus cácaí milse a tháirgeadh agus a dhíol ar fud na tíre. Tá an comharchumann ag smaoineamh ar an ngnó a leathnú agus tá an coiste bainistíochta tar éis plé a dhéanamh ar chuideachta theoranta a dhéanamh de.*

**(A)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** dhifríocht atá idir comharchumann agus cuideachta theoranta. (10 marc)

**(B)** (i) Seachas an baisctháirgeadh, ainmnigh **dhá** chineál eile táirgeachta a úsáidtear sa ghnó.

(ii) Tabhair breac-chuntas ar **thrí** ghné a bhaineann le baisctháirgeadh. (15 mharc)

**(C)** Sainaithin **ceithre** thoisc ar chóir do Chomharchumann Bácúis Bhaile an Mhuilinn iad a chur san áireamh nuair atá sé ag socrú phraghas a chuid táirgí. (20 marc)

**(D)** Déan cur síos ar **thrí** chúis a smaoineodh Comharchumann Bácúis Bhaile an Mhuilinn ar a ghnó a leathnú. (15 mharc)

**(E)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** bhuntáiste a bhainfeadh Comharchumann Bácúis Bhaile an Mhuilinn as ainm branda a bheith aige. (15 mharc)

**(75 marc)**

**NÁ DÉAN DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A CHUR AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR**

Leathanach Bán